REIPTÍL

An laghairt choiteann nó earc luachra *(Zootoca vivipara)*

Earc luachra nó laghairt choiteann fásta. Féadann earca luachra fad idir 13cm agus 15cm a bhaint amach le craiceann gainneach orthu. Is féidir le dáthú agus marcálacha a bheith an-éagsúil ar fad, ó dhonn go buí nó fiú gorm, le spotaí nó stríoca ann. Tá cúig bharraicín ag earc luachra ar an dá chos agus crúba beaga chun cuidiú leo dreapadh.

Is ainmhithe 'fuarfhuilteacha' nó eictiteirmeacha iad na hearca luachra, agus is féidir iad a fheiceáil á ngrianadh féin in áiteanna grianmhara a leithéid de lomáin, stumpa crainn nó cuáillí fáil.

Fireann



Fireann Baineann

Baineann



Go minic bíonn patrún flioscach ar dhroim an eirc luachra fireann. Bíonn ramhrú ag bun a rubaill agus bolg breac geal air.

Earc luachra óg

Ní bhíonn na hearca luachra óga ach cúpla cm ar fhad agus dath dúdhoinn orthu, ach is mionsamhail foirfe dá dtuistí iad.

Bíonn droim níos stríocaigh agus níos doinne ag earc luachra baineann i gcomparáid le hearc luachra fireann.

Is féidir le baineannaigh breith ar suas go 11 earc luachra óg beo ag deireadh an tsamhraidh.

Pictiúirí © Kevin Clarke, John Baker

An t-aon reiptíl dúchasach i dTÉ bíonn siad ar fáil i ngnáthóga grianmhara ardtáilte agus ísealchríocha, ina measc fraochmhá, dumhcha, féarthalamh agus coillearnach oscailte. Bíonn siad in ann úsáid a bhaint as ghnathóga de dhéantús an duine leithéidí ballaí cloiche, bóthair agus iarnróid. Seans go mbeidh an t-ádh ort ceann amháin a fheiceáil á ghrianadh féin ar lomán, sconsa adhmaid, cloch mhór, áit ghrianmhar i bhfál, ach caithfidh tú a bheith iontach ciúin ionas go mbíonn scoth éisteachta acu, imíonn siad as radharc má chuirtear isteach orthu. Uaireanta ní fheictear ach ruball ag imeacht isteach sa scrobarnach. Cuirtear laghairt choiteann ar earc luachra, téarma atá go hiomlán míchruinn anois, ionas nach mbíonn siad flúirseach sa cheantar seo mar gheall ar chaillteanas agus scriosadh gnáthóige sa lá atá inniu ann.

Tagann na hearca luachra amach as a ngeimhriú i mí an Mhárta, agus tosaíonn siad ag sealgaireacht láithreach chun cur lena gcúlchistí tar éis a gcuid troscadh sa gheimhreadh fhada, ag beathú ar réimse leathan inveirteabrach lena n-áirítear dreoilín féir, aifidí agus damháin alla. Beireann na baineannaigh na hóga beo i ndeireadh an tsamhraidh, agus is as seo a thagann an t-ainm laghairt 'viviparous'. Bíonn na hearca luachra ag geimhriú le linn an gheimhridh, ó Dheireadh Fómhair go Márta, i spotaí foscaidh saor ó sioc, faoi charraigeacha nó chlocha, nó seanfhréamhacha crainn agus i bhfáltaí.

ARG UK

DRAGAIN SNA CNOIC

Amphaibiaigh agus reiptílí Thuaisceart Éireann

HERITAGE FUND
Garfield Weston FOUNDATION
Esmée Fairbairn FOUNDATION
Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin Newry, Mourne and Down District Council
HSI

AMFAIBIAIGH

Frog coiteann *(Rana temporaria)*

Frog coiteann fásta

Tá cosa móra matánacha deiridh ag froganna atá an-fhóirsteanach le haghaidh snámha agus tig leo léimniú in airde ocht n-uaire fhad a gcorp féin agus iad ar an talamh.

Bíonn barraicíní scamallacha ar chosa deiridh na bhfroganna.

Le feithidí a ghabháil caitheann an frog a theanga greamaitheach as a bhéal ar a chreacha agus tarraingíonn ar ais isteach é.

Fásann frogan-na coitianta go timpeall 6-7cm ar fhad an choirp agus bíonn craiceann mín tais acu.

De gnáth bíonn 'masc' dorcha sain-iúil ar chúl a súile.

Bíonn súile na bhfroganna ina mbraiteoirí gluaiseachta suite ard ar dhá thaobh an chinn le súil a choinneáil amach de chreachadóirí agus de chreach.

Bíonn patrúin athraitheacha ag froganna agus is féidir leo a bheith i réimse dathanna agus imireacha den donn, ghlas olóige, oráiste, bhuí agus dearg san áireamh.

Glóthach Froig



Tig le gach frog baineann suas go 2,000 ubh nó 'sceitheadh' a bhreith, a bhíonn le feiceáil mar daba glogair ar dhromchla an uisce. Bíonn gach ubh i gclúdach glóthaigh chun é a chosaint agus a hinsliú.

Torbán

I ndiaidh 3-4 seachtaine tagann na torbáin amach as an ghlóthach. Bíonn siad dubh ar dtús agus nuair a aibíonn siad bíonn siad donn le bricíní ar dhath an chré-umha orthu.

Frogán

Tar éis thart ar 16 seachtaine forbraíonn a gcosa deiridh, agus a gcosa tosaigh ina dhiaidh sin, agus ansin cailleann siad a rubaill ag deireadh na meiteamorfóise bíonn siad ina bhfrogáin beaga bídeacha.

Pictiúirí © Brett Lewis Photography and John Baker

Is é an frog coitianta an t-amfaibiach is fairsinge a mbíonn ar fáil áit ar bith a bhfuil dobharlaigh oiriúnacha ann le haghaidh pórúcháin, ina measc: linne, díogaí agus lochanna. Ó thús an Earraigh cluintear na fireannaigh ag grágaíl ina locháin phórúcháin agus tig leat na cnápáin sceite cosúil le glóthach a fheiceáil ó Eanáir ar aghaidh. Is féidir frogáin bídeacha a fheiceáil ag fágáil a gcuid lochán ó thús an tsamhraidh go Meán Fómhair, agus ansin bíonn na froganna fásta agus na frogáin ag sealgaireacht ar an talamh go deireadh an fhómhair. Uaireanta is féidir leat na froganna fásta a fheiceáil sna gairdíní, i bhfolach san fhéar fada, in easair duillí, nó fiú ag fuarú i lochán ar lá te. Itheann froganna coitianta inveirteabraigh mar chiaróga, drúchtíní, cuileoga, damháin alla agus péisteanna talún.

Agus an geimhreadh ag druidim, aimsíonn froganna áit foscaidh gheimhriúcháin, sa ghairdín, i bpáirc, cuibhreann nó áit faoin tuath. Go hídéalach áit éigin a mbíonn tais, slán ón tsioc, a leithéad de charn múirín, curtha i móta duillí, faoi lomán mór, i gcarn adhmaid nó spallaí nó fiú uaireanta i locháin.

Earc luachra/coiteann/niút *(Lissotriton vulgaris)*

Tá earc coiteann an-inoiriúnaithe, agus cé gurb iad bogaigh agus portaigh tuaithe an phríomhghnáthóg atá acu, is féidir leo a bheith beo in aon dobharlach agus is minic a bhíonn siad le feiceáil i lochán, i ndíog, nó fiú i sclaig mhór rotha. De ghnáth fanann na hearca coiteann ag bun an locháin, ag análú tríd a gcraiceann, ach seans go bhfeicfeá ceann nuair a thiocfadh sé suas go dtí an dromchla le haghaidh anál mór. Bíonn aiste bia ilchineálach ag an earc coiteann; nuair a mbíonn siad ar thalamh beathaíonn siad ar boilb, péisteanna agus drúchtíní agus san uisce itheann siad moilisc, crústaigh agus torbáin.

Baineann na hearca coiteann a gcuid linnte porúcháin amach le linn an earraigh, ó mhí Feabhra go Márta agus tig leo fanacht ann go mí Iúil. Le linn an ama seo, déanann na fireannaigh a ndícheall na baineannaigh a mhealladh le damhsa casta suirí agus neart ghluaiseacht luaichí rubaill ann. Tig leis na baineannaigh 100-600 ubh scothliath bána a bhreith gach bhliain, ag 'greamadh' achan ceann acu i nduileog fillte, ag baint úsáide as na cosa deiridh chun iad a chosaint óna creachadóirí. Murab ionann na torbáin, forbraíonn cosa tosaigh an earc luachra sula dtosaíonn forbairt chosa deiridh, agus iad ag anáil faoi uisce trí thrí phéire gheolbhach cleiteach.

I ndiaidh an phórúcháin, filleann na hearca coiteann ar an talamh agus uaireanta bíonn siad i bhfoscadh san fhéar fada, sa scrobarnach nó sa choillearnach. Cosúil le hamfaibiaigh eile bíonn siad ag geimhriú le linn an geimhridh faoi lomáin nó i gcúinní cúlráideacha, ag teacht amach in Eanáir nó Feabhra.

Fireann

Ní fhásann an t-earc luachra beag seo ach 9-10cm ar fhad. Forbraíonn an t-earc luachra fireann moing leanúnach corrach ar a dhroim agus ruball le linn shéasúr an ghoir.

Bíonn splanc airgid rubaill ag na fireannaigh póraithe.

Bíonn cúig bharraicín ag na niúit ar a gcosa deiridh agus níl ach ceithre cinn ar a gcosa tosaigh. Bíonn scamall breise ar bharraicíní deiridh na niút fireann le linn shéasúr an ghoir.

Bíonn bolg dú-oráiste ag na niúit fireannach le spotaí dubha méadaithe.

Bíonn bolg oráiste geal le bricínneach éadroim ar na niúit baineannaigh.

Baineann

Ní bhíonn splanc rubaill ar dhroim nó ruball ar na bainneanaigh nó fireannaigh neamh-phóraithe.

Uaireanta síltear gur laghairt choiteann iad na hearca coiteann. Tig leat idirdhealú a dhéanamh orthu ionas go bhfuil craiceann mín ag na hearca coiteann agus tá scálaí ag na laghairteanna. Ní bhíonn ach ceithre bharraicíní ag an earc coiteann ar a chosa tosaigh, agus bíonn cúig bharraicíní ag an laghairt le crúba beaga ar achan ceann acu. Tig le laghairt sciúrdadh níos gaiste ná an earc coiteann nuair a chuirtear isteach orthu.

Uibheacha

Clúdaíonn an t-earc coiteann baineannach uibheacha aonair i bhfásra uisceach, le duilleog fillte ar leith. Is féidir leis an bhaineann 600 ubh a bhreith thar tréimhse sé seachtaine ó Mhárta go deireadh na Bealtaine.

Larbhaí

Pictiúirí © Brett Lewis Photography